View in browser

17 Feabhra 2022

# Scéal, Scéal, Scéal...

- Scéilíní, nuaíocht agus fógraí as Cois Fharraige -

Eagrán 85








## AN CAIFE LITRÍOCHTA

Tá Oifigigh Pleanála Teanga na hÉireann tagtha le chéile arís le sraith cainteanna ar réimsí éagsúla litríochta a reáchtáil. Mairfidh an tsraith deich seachtaine agus beidh na seisiúin ar siúl chuile Mháirt @ 7i.n. ar an gcóras *Zoom*. Cuirfear fáilte roimh aoichainteoir ar leith chuile sheachtain. An tseachtain seo chugainn beidh Béal an Phobail - Gaeltacht Iardheisceart Thír Chonaill i mbun óstála. 'Sí Eithne Ní Ghallchobhair a bheas i mbun cainte maidir le gontacht na Gaeilge sa chur síos daonna. Is féidir clárú do na seisiúin anseo.

## SCOLÁIREACHTAÍ DO CHÚRSA CEANNAIREACHTA LE BRONNADH

Tá dhá scoláireacht do Chúrsa Ceannaireachta le Coláiste Uisce á thairiscint ag Fóram Chois Fharraige um Pleanáil Teanga. Beidh na scoláireachtaí seo á bhronnadh ar bheirt dhéagóirí as Limistéir Chois Fharraige, sin ó Ros a' Mhíl go dtí Na Forbacha. Tugann an cúrsa seo deis do dhaoine óga scileanna ceannaireachta agus scileanna cumarsáide a chothú agus a fhorbairt i suíomh dearfach foghlama. An príomhsprioc atá ag an gcúrsa seo ná muinín a thabhairt do dhaoine óga a bheith neamhspleách agus muiníneach. Le suim a léiriú sa chúrsa ceannaireachta, nó le tuilleadh eolais a fháil, is féidir teagmháil a dhéanamh leis na hOifigigh Pleanála Teanga ag ocptchoisfharraige@gmail.com roimh an Aoine 4ú Márta 2022.




## MÍCHEÁL MAC CON IOMAIRE AR SHLÍ NA FÍRINNE

Bhásaigh Mícheál Mac Con Iomaire ar an 12 Feabhra 2022. Bhíodh Míchéal ina Phríomhoide ar Scoil Cholmcille i Ros a' Mhíl agus an-chion agus meas ag a chuid daltaí air mar shár-mhúinteoir agus mar dhuine lách, cneasta, cairdiúil. Chaith Mícheál tréimhse mar oide i Leitir Mealláin freisin. Bhí an-aithne ag pobal éisteachta Bhaile 'n Droichid air mar gurbh é Mícheál an Sagart Mór sa dráma raidió sin. Is minic a tagraíodh don ghlór breá cainte a bhí aige agus chomh taitneamhach agus a bhí sé éisteacht lena chuid urlabhra a bhí ríshoiléir, saibhir agus dúchasach. Comhbhrón lena chlann, a gharchlann agus a mhuintir ar fad, suaimhneas síorraí go raibh aige.



## SCOLÁIREACHT SA PHLEANÁIL TEANGA

Tá Scoláireacht sa Phleanáil Teanga a mhairfidh suas le dhá bhliain á tairiscint ag **Údarás na Gaeltachta** d'iarratasóirí Gaeltachta a bhfuil líofacht Ghaeilge acu. In Ard-Oifig Údarás na Gaeltachta, sna Forbacha a bheidh an té a cheapfar lonnaithe. Cuirfear taithí phraiticiúil i réimse oibre na pleanála teanga agus na forbartha pobail ar fáil. Bheadh an scoláireacht seo feiliúnach do dhuine cumasach, díograiseach le cáilíocht tríú leibhéal aige/aici i réimse na pleanála teanga/forbartha pobail le spéis faoi leith i gcaomhnú agus i gcur chun cinn na Gaeilge agus na Gaeltachta. Beidh an té a cheapfar ag obair ar thograí éagsúla pleanála teanga i gceantair Ghaeltachta na Gaillimhe agus Maigh Eo i gcomhar le Foireann Réigiúnach an Údaráis. Ní mór d'iarrthóirí ardchaighdeán scríobh agus labhairt na Gaeilge a bheith acu chomh maith le scileanna taighde, anailíse, ríomhaireachta, riaracháin agus eagrúcháin. Íocfar liúntas €23,000 - €25,000 leis an duine a cheapfar. Le cur isteach ar an scoláireacht, ní mór iarratas mar aon le CV as Gaeilge a sheoladh chuig An

Rannóg Acmhainní Daonna, Údarás na Gaeltachta, Na Forbacha, Co. na Gaillimhe roimh 5.i.n. ar an Aoine 18ú Feabhra 2022. Is féidir tuilleadh eolais a fháil ag 091 503100 nó foluntais@udaras.ie



## SUATHAIREACHT DO LEANAÍ

Tá cúrsa nua suathaireachta do leanaí, faoi stiúir an teiripeoir cáilithe Áine Ní Chuirrín, á reáchtáil ag Tuismitheoirí na Gaeltachta. In ionad Splanc ar an gCeathrú Rua a bheas na seisiúin ar siúl agus cuirfear tús leo ar an gCéadaoin 2ú Márta. Leanfaidh an chéad chúrsa ar aghaidh ar feadh 5 seachtaine ar chostas de €50. Táthar ag súil go mbeidh an tseirbhís seo á sholáthar i gceantair éagsúla eile ina dhiaidh sin. Is féidir tuilleadh eolais a fháil ach teagmháil a dhéanamh le aisling@tuismitheoiri.ie Is í an Ghaeilge teanga na hócáide agus iarrtar cloí leis sin.


## CEARDLANN SCRÍBHNEOIREACHTA: DRÁMAÍ RAIDIÓ

Tá ceardlanna scríbhneoireachta ar fáil do scríbhneoirí ar spéis leo drámaí raidió a scríobh á reáchtáil ag Oireachtas na Gaeilge. Ar an gcóras *Zoom* a bheas na ceardlanna agus cuirfear tús leo ar an gCéadaoin 23ú Feabhra ó 6i.n – 8i.n. Reáchtálfar trí cheardlann ar fad ó mhí Feabhra go mí Bealtaine. Is é Cathal Póirtéir a bheidh i mbun na gceardlanna agus tabharfaidh sé léargas ar na bunscileanna a bhaineann le dráma raidió ar ard-chaighdeán a scríobh. I measc na dtéamaí a bheidh faoi chaibidil aige, beidh stíl scríbhneoireachta, suíomhanna, éifeachtaí fuaime agus carachtair. Gheobhaidh rannpháirtithe aiseolas luachmhar ar a saothar féin le linn na sraithe chomh maith. Níl aon táille i gceist ach is gá clárú roimh ré anseo.

## ÉIRE AG LÉAMH

Lá náisiúnta léitheoireachta a bheas ann ar an Aoine 25ú Feabhra. Is togra de chuid leabharlanna poiblí na hÉireann é Éire ag Léamh, i gcomhpháirt le hÉire Shláintiúil, foilsitheoirí, díoltóirí leabhar, údair agus pobal na litríochta. Iarrtar ar dhaoine píosa léitheoireachta a dhéanamh ar an lá - nóiméad amháin, deich nóiméad, uair an chloig nó níos mó - le ceiliúradh a dhéanamh ar litríocht agus domhain na léitheoireachta. Is féidir 'gealltanas' a dhéanamh go

hoifigiúil anseo, go ndéanfaidh tú píosa léitheoireachta ar an lá. Go dtí seo, tá gealltanas tugtha ag pobal na hÉireann 116,530 nóiméad a chaitheamh ag léamh ar an lá. Is féidir níos mó eolais a fháil anseo.




## TAISCE CHOIS FHARRAIGE

Tá taisce eolais á cur i dtoll a chéile ag Ceoltóirí Óga Chois Fharraige faoi na ceoltóirí, na hamhránaithe, na damhsóirí, na scríbhneoirí agus na scéalaithe a bhfuil, nó a raibh, cónaí orthu i gCois Fharraige. Crochfar an taisce eolais ar shuíomh idirlín, áit a mbeidh teacht ag an bpobal air agus ag lucht suime an chultúir Ghaelaigh. "Is togra é seo atá dírithe ar an teaghlach agus cé go bhfuil tús curtha ag Ceoltóirí Óga Chois Fharraige leis an obair, tá sé oscailte do chomhluadair eile sa bpobal agus chuirfimis fáilte is fiche roimh dhuine ar bith a bheadh sásta alt a scríobh nó pictiúir a sholáthar nó saineolas áitiúil a roinnt", a deir Odí Ní Chéilleachair, comhordaitheoir an togra. Tá cúnamh agus tacaíocht faighte ag an togra ó Chumann Forbartha Chois Fharraige, Comhar Creidmheasa Cholmcille, Comhairle Chontae na Gaillimhe, Comharchumann Shailearna Teo., Fóram Chois Fharraige um Pleanáil Teanga chomh maith le RTÉ Raidió na Gaeltachta, Traidphicnic, Ollscoil na hÉireann, Gaillimh agus Cló Iar-Chonnacht. Tá tuilleadh eolais ar fáil ach ríomhphost a chur chuig taiscecf@gmail.com nó glaoch ar 086-4567806

## FOLÚNTAS AG POTA CAFÉ

Tá POTA Café sa tóir ar chócaire nua le bheith mar bhall den fhoireann. Tá taithí lónadóireachta ag teastáil ach táthar breá sásta neart traenála a chur ar fáil freisin. Atmaisféar dearfach, taitneamhach oibre atá ann, cois fharraige. Tá sé riachtanach go bhfuil Gaeilge ag iarratasóirí. Le spéis a léiriú is féidir teachtaireacht agus cóip de do CV a sheoladh chuig

## SIAMSÁN NA NÓG

Tá **Siamsán na nÓg** á reáchtáil ag Tuismitheoirí na Gaeltachta ar an Satharn 19 Feabhra @ 12 meán lae. Tabharfar cuairt ar Ionad na Feamainne agus Ionad Oidhreachta Leitir Mealláin ar an lá. Do ghasúir bunscoile is mó a bheadh an lá seo




feiliúnach. Níl aon chostas i gceist ach caithfear clárú roimh ré le aisling@tuismitheoiri.ie

## COLÁISTE CHOLMCILLE: AG GLACADH LE HIARRATAIS

Tá Coláiste Cholmcille, Indreabhán ag glacadh le hiarratais do rang na chéad bliana, don scoilbhliain seo chugainn, 2022-'23. Tá Ócáid Eolais ar an suíomh nua scoile atá le fáil ag www.colaistecholmcille.ie. Tá eolas ar an suíomh faoin scoil chomh maith le focail ó iar-scoláirí agus físeán scoile. Is féidir an fhoirm iarratais a íoslódáil ón suíomh nó is féidir teagmháil a dhéanamh leis an scoil ag 091 593119 chun foirm iarratais agus pacáiste eolais a fháil.

Ba mhaith liom go gcuirfí ar an liosta teagmhála mé.

Fóram Chois Fharraige um Pleanáil Teanga CTR

Inis Fáil, An Spidéal, Co. na Gaillimhe
H91 X63V

083 010 6294

Muna mian leat cóip den nuachtlitir seo a fháil, seol teachtaireacht chuig optchoisfharraige@gmail.com agus bainfear den liosta poist thú.

Ba mhaith liom m'ainm a bhaint ón liosta